Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 11

24 Samhain 2017

Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla

Thug 3J cuairt ar na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla ar an gCéadaoin mar chuid den ábhar OSSP. Rinne siad triail bhréagach ann faoi stiúir abhcóide agus bhí ról ag gach duine sa chás. D'fhoghlaim siad go leor faoi chóras na gcúirteanna i gcoitinne agus conas mar a oibríonn an chúirt sin. Ina dhiaidh sin bhí cead acu dul isteach i seomraí cúirte éagsúla agus éisteacht leis na cáis a bhí ar siúl iontu. Ba é seo an ghné ba shuimiúla don lá agus bhain siad an-taitneamh as.

Victor's Dung

Comhghairdeachas le Brian agus a chomghleacaithe a bhuaigh duais don dráma is fearr ag féile drámaíochta i gCarraig Álainn ag an deireadh seachtaine.

Sacar na gCailíní

Bhí bua iontach eile ag foireann na gcailíní sa sacar. Fuair said an ceann is fearr ar Choláiste Mhuire 3-0.

Bliain 1 2018 – 2019

Seoladh na litreacha ag ofráil áite abhaile ag deireadh na seachtaine seo caite. Déanaígí cinnte, le bhur dtoil, an páipéarachas uilig a chur ar ais chuig an oifig roimh 30 Samhain.

Dáta don fhéilire: Scrúduithe measúnuithe sa scoil Dé Sathairn 27 Eanáir - breis eolais le teacht.

Bronnaidh Ollscoile ar dhaltaí Rang 2017

Ba mhór an ónóir d'Amanda freastal ar oíche álainn i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath Déardaoin seo caite nuair a bronnadh gradam agus scoláireacht Cothrom na Féinne ar Adrastaeia Hughes.

D'fhreastail Amanda ar ócáid i gColáiste na Tríonóide tráthnóna Dé Máirt nuair a bronnadh Mionscoláireacht Iontrála ar Eóin Ó Briain. Is aitheantas atá ann dóibh siúd a fuair na marcanna is airde san Ardteistiméireacht.

Scrúduithe Tí

Agus na scrúduithe faoi lánseol ag na daltaí ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'Aoife a rinne an t-eagrúchán uilig a bhaineann leo idir cláir ama, seomraí, pleananna suíocháin srl. Gabhaimid buíochas freisin leis na daltaí a chabhraigh le heagar na seomraí tráthnóna Dé Céadaoin.

Leanann na scrúduithe ar aghaidh go dtí an Máirt (28 Samhain). Gnáth laethanta scoile iad seo. Ba cheart go mbeadh na daltaí ar scoil ag 9:00 agus ag fágáil ag 15:50 mar is gnách.

Má tá dalta as láthair, ní bheidh seans eile na scrúduithe a dhéanamh níos déanaí. Bíodh an trealamh iomlán agaibh. Go n-éirí libh ar fad sna scrúduithe.

Béal Feirste

Chuaigh daltaí 4C ar a dturas go Béal Feirste ar an Déardaoin agus fillfidh said níos déanaí inniu. Beidh achoimre againn faoina dturas sa chéad eagrán eile. Rachaidh 4S ar an 11/12 Nollaig.

Turas chuig an Iodáil

Líonadh na spásanna ar fad don turas chuig an Iodáil. Seolfar litir abhaile go luath mar gheall ar an turas. Caithfear costas iomlán an turais a íoc roimh dheireadh mí Eanáir.

Turas Ceoil

Chuaigh rang ceoil na cúigiú agus na séú bliana ar thuras go dtí an Ceoláras Náisiúnta Dé Máirt. Bhí an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta ag tabhairt taispeántas ceoil don chúrsa Ardteiste. Sheinn siad ceol a chum Peter Ilyich Tchaikovsky darbh ainm Réamhcheol Fantaise Romeo & Juliet. Ar dtús thug cainteoir ón gceolfhoireann léacht do na daltaí ag déanamh iniúchta ar chuile phíosa den cheol. Sa deireadh sheinn an Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta an píosa iomlán. Bhain na daltaí sult as an turas.

Dátaí Tábhachtacha

23-28 Samhain: Scrúduithe scoile.

1 Nollaig: Comórtas Scléip.

5 Nollaig: Bliain 6 ag an Dráma An Triail.

7 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 6 (4:15 – 6:45).

11-12 Nollaig: 4S i mBéal Feirste.

14 Nollaig: Cruinniú Múinteoirí agus Tuismitheoirí Bliain 3 (4:15 – 6:45).

23 Nollaig – 7 Eanáir 2018: Laethanta Saoire na Nollag

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine:

"Cuid Pháidín don mheacain an t-eireaballín caol"

Gael-Choláiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa

Bileog Eolais

Eagrán 11

24 November 2017

The Criminal Courts of Justice

Class 3J visited the Criminal Courts of Justice on Wednesday as part of their CSPE class. They took part in a mock trial under the guidance of a barrister. Everyone was given a role in the case. They learned a lot about the courts system in particular and how the court functions. After that, they were permitted to go into various courtrooms and listen to the ongoing cases. This was the most interesting part of the day and the students really enjoyed it.

Victor's Dung

Congratulations to Brian and his colleagues who won the prize for the best drama at the Carrigallen drama festival last weekend.

Girls soccer

The girls' soccer team had another impressive win last Friday. They beat St. Mary's 3-0. The result means they have topped their group and advance to the knockout stages.

First Year 2018 – 2019

Letters of offer were sent home at the end of last week. Please ensure the return of all relevant paperwork to the office before 30th November. Also note a date for the diary: Assessment Tests in school Saturday 27th January – further information to follow.

University Presentations for students of the class of 2017

It was a great honour for Amanda to attend a lovely ceremony in University College Dublin last Thursday evening when Andrastaeia was presented with a Cothrom na Féinne award and scholarship.



Amanda also attended the Award of the 2017 Entrance Exhibitions in Trinity College on Tuesday evening for Eóin Ó Briain. This award recognises those students who achieved the highest Leaving Certificate points.

House Exams

With the house exams underway we would like to thank Aoife for organising all the logistics of running the exams from timetables, rooms, seating plans etc. A huge thanks also to the students for helping with the setup of rooms on Wednesday afternoon.

The house exams will continue until Tuesday (28th November). These are normal school days. Students should be at school no later than 9:00 and will leave at 15:50 as per usual.

If students are absent, they won't have another opportunity to do the exams at a later date.

Could students please ensure they have all equipment with them.

Good luck to all in the exams.

Belfast

Students from 4C went on their trip to Belfast on Thursday and will return later tonight. We will have a review of their trip in the next edition. 4S will go on the 11/12 December.

Trip to Italy

All spaces for the trip to Italy have been filled. A letter will be sent home shortly regarding the trip. The full cost of the trip must be paid before the end of January.

Music trip

Fifth and sixth year music students took a visit to the National Concert Hall on Tuesday. The National Symphony Orchestra were giving a music demonstration for the Leaving Certificate course. The played music composed by Peter Ilyich Tchaikovsky called the Romeo and Juliet Fantasy Overture. A speaker from the orchestra gave a lecture evaluating each piece of the music. In the end, the orchestra played the full piece. The students found the experience to be really beneficial.

Important Dates

23-28 November: School Exams.

1 December: Comórtas Scléip.

5 December: Sixth year go to the drama An Triail.

7 December: 6th year Parent-Teacher meetings (16:15 – 18:45).

11-12 December: 4S in Belfast.

14 December: 3rd year Parent-Teacher meetings (4:15 – 6:45).

23 December – 7 January 2018: Christmas Holidays.

8 January: Staff In-service Training Day, school closed to students.

All up-to-date information available on www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine: **"The slender little end is the smallest part of anything"**